

Aistriúchán ar an achoimre atá le fáil ar an idirlíon ag www.cancer.dk/arbeide

Sa Danmhairg, buaileann ailse breis agus 13000 duine d'aois na fostaíochta gach uile bhliain. Tig le seo éiginnteacht agus fadbhanna éagsúla a chothú san áit oibre. Cad ba chóir duit a dhéanamh mar bhainisteoir nuair atá duine de do chomhghleacaithe go dona tinn? Céard iad na nithe ar chóir iad a phlé? Is féidir go mbeadh comhghleacaithe an bhreiteora buartha agus in amhras conas ba chóir caitheamh leis. Bíonn deacrachtaí ann don chomhlacht agus don bhreiteoir araon.

- Gnáthfhreagairt daoine nuair a fhaigheann siad scéala go bhfuil siad trombhreite
- Teagmháil leis an oibrí le linn dó a bheith breite
- Nuair is mian leis filleadh ar an obair
- An t-oibrí ar a bhfuil ailse agus a chomhghleacaithe
- Seicliosta – céard is féidir leatsa a dhéanamh
- Beartas foirne

Gnáthfhreagairt daoine nuair a fhaigheann siad scéala go bhfuil siad trombhreite

Nuair a fhaigheann duine drochscéal den sórt seo is gnách an díchreideamh leis. Bíonn blas na brionglóide ar an scéal, go háirithe sa chás nach raibh an tsláinte ag cur as go mór dó roimhe sin. Tagann sceon ar an mórchuid, buailtear síos daoine eile agus bíonn mearbhall orthu, ceapann daoine eile fós go bhfuil dul amú ar na dochtúirí. Freagairt chomónta eile: Cén fáth mise faoin riocht seo?

Ag an tús go háirithe bíonn daoine corraithe agus ní féidir leo dul i ngleic lena gcrúachas. Bíonn sé deacair ar dhaoine ag an tráth seo diriú ar an ngnáthobair agus plé a bheith acu lena gcomhghleacaithe agus le daoine eile.

Ní bhíonn sé de neart i go leor daoine dul ag obair agus cuireann siad in iúl don bhainistíocht go bhfuil siad breite tar eis dóibh an diagnóis a fháil, cuma an mbeidh siad ag dul faoi chóir leighis leis sin láithreach nó i gceann cúpla seachtain. Ba mhaith le bunáite breiteoirí comhartha beag éigin a fháil ón gcomhlacht, triopall bláthanna, mar shampla.

Ach ní ghlacann gach éinne saoirse bhreiteachta nuair a fhaigheann siad an scéala seo. Socraíonn roinnt daoine tar éis tamallín ar leanacht leo de bhonn éigin leis an obair. Déannann daoine an rogha seo ar chúiseanna éagsúla: iarracht a bhíonn i gceist uaireanta eagar a chur ar shaol atá trína chéile. Uaireanta eile is í mian an bhreiteora go seasfadh cúrsaí faoi mar a bhí agus déannann sé an rogha sin dá réir. Arís eile samhlaítear an áit oibre mar cheantar atá saorghlan ó ailse, áit gur féidir leis na oibrí an machnamh ar an ngalar a dhíbirt óna aigne.

Gabhann critheagla daoine i dtús ach ansin bíonn idir íslebhírí agus dóchas orthu nach bhfuil an scéal chomh holc sin. Is minic freisin go mbíonn eagla an domhain ar dhaoine go mbeidh an bás mar thoradh ar a mbreiteacht, nó go cuireann a gcás mearbhall orthu.

Teagmháil leis an oibrí le linn dó a bheith breoite

Go luath sa lá, tá sé tábhachtach go molfadh an bainisteoir don bhreiteoir buaileadh leis. Bheadh sé iomchuí coinne a shocrú ocht seachtaine i ndiaidh don fhostaí an scéala a fháil.

Is féidir go mbrisfí an gaol atá ann idir an fostaí atá as láthair agus an t-ionad oibre. Seans nach bhfuil sé de mhisneach aige dul i dteagmháil leis na ngnó, as féin. Is féidir freisin go bhfuil leisce ar na fostaitheoirí cur isteach ar shaol príobháideach an fhostaí.

De réir an taithí atá againn, tá sé tábhachtach go dtabharfadh an bainisteoir nó an bainisteoir acmhainní daonna deis don fhostaí atá trombhreite dul chun cainte leis. Go hiondúil, áfach, is fearr fanacht go dtí go mbeidh sé tar éis teacht chuige féin tar éis an chéadbhuile, rud a tharlaíonn, de ghnáth, thart ar a sé nó a hocht seachtaine tar éis dó an drochscéala a fháil. Ag an tráth seo freisin bíonn níos mó eolais ag an bhfostaí faoi na roghanna atá ann ó thaobh córacha leighis de nó bhféidir go bhfuil sé faoi chóir leighis cheana féin faoin am seo. Braitheann sé ar an duine féin, áfach – agus is fearr iarraidh ar na bhfostaí dáta an chruinnithe a mholadh.

Is féidir a shoiléiriú dó go dtig leis garchomhghleacaí, feidhmeannach ceardchumainn nó a chéile a bheith in éindí leis.

Is féidir go mbeadh sé deacair ar bhainisteoir labhairt le fostaí atá sa chás seo. Is minic a bheidh taithí ag bainisteoir ar ailse a bheith ag duine dá mhuintir féin nó ag cara nó duine dá aithne. Beidh éifeacht ag an taithí seo ar an gcineál comhrá a bhéas ann. Ní mór do bhainisteoirí a aithint nach ionann aon dá chineál ailse agus nach ionann aon dá fhreagairt uirthi. Is féidir go mbeadh bainisteoir inmíoch faoi fhreagairt an bhreiteora, eagla go dtosódh sé ag gol, mar shampla. Ach níor chóir go gcuirfeadh sé seo cosc air coinne a eagrú. Tá an fostaí buartha cheana féin faoina bhreiteacht ach ní chuirfidh aon chomhrá lena bhuaire. Is féidir go mbeadh rudaí áirithe go mba mhian leis an mbainisteoir a phlé leis ach nár mhaith leis dul thar fóir. Má tá ceisteanna den sórt sin aige, tig leis miniú don fhostaí nach bhfuil iachall air a léithéid de cheisteanna a fhreagairt ach amháin más mian leis.

Is dea-sheift í clár a shocrú don choinne, fiú muna bhfuil ann ach cleas chun seans a thabhairt dó réiteach chuige. Tá sé ríthábhachtach na pointí seo a phlé ag an gcoinne:

Eolas faoin ngalar agus faoin gcóir leighis

Níor mhiste go mbeadh deis ag an bhfostaí an fostaitheoir a chur ar an eolas faoin ngalar agus faoin gcóir leighis atá beartaithe, a fhad a mhairfidh sí agus araile. Is féidir go mbeadh a fhios aige cheana féin an mbeidh tionchar ag a bhreiteacht agus a chóir leighis ar cheist a fhillte ar an obair. An mbeidh gearrthréimhse nó tréimhse fhada bhreiteachta i gceist?

Ag dreachtú polasaí an chomhlachta maidir le trombhreiteacht

Muna bhfuil a leithéid de dhoiciméad ann cheana, ní mór polasaí an chomhlachta i leith sairse bhreiteachta a chur in iúl don fhostaí agus má tá seans ann go mbrisfí as a phost é, é sin a mhiniú dó. Ní mór féidireachtaí eile a phlé leis ar nós níos lú uaireanta oibre a dhéanamh, obair ón mbaile agus uaireanta solúbtha oibre.

Teagmháil leis an áit oibre

Más mian leis an oibrí obair agus é breoite, agus é inniúil ar é sin a dhéanamh, ní foláir an cheist a phlé leis – an mbeidh sé in ann leanacht leis an obair a bhí ar siúl aige. Más gá dó saoirse bhreiteachta a ghlacadh conas is fearr an teagmháil idir an fostaí agus an áit oibre a chaomhnú?

Ag cur an scéal in iúl do chomhghleacaithe

Cén t-eolas ba chóir a scaipeadh ar chomhghleacaithe? Cé chomh oscailte agus is mian leis an bhfostaí a bheith faoina bhreiteacht. Conas ba chóir an t-eolas a scaipeadh.? Ar chóir go mbeadh feidhmeannach ceardchumainn nó garchomhghleacaí ina dhuine teagmhála aige? Arbh í toil an fhostaí í go mbeadh an áit oibre ina hionad saor ó ailse, áit gur féidir leis a bhreiteacht a ligean i ndearmad ar feadh tamaillín agus nach mbeadh breiteacht/ cúrsaí sláinte faoi chaibidil ag a chomhghleacaithe. Nó an amhlaidh go bhfuil sé ar a chompord ag labhairt faoina bhreiteacht agus ar a dhearcadh ina leith? Is mór an chabhair don fhostaí féin agus don chomhlacht é go mbeifí sásta labhairt go neamhbhalbh ar a bhreiteacht. Má tá bealach oscailte faoin áit, is féidir tuairimí an bhreiteora a lorg uaidh, ach níor chóir aon bhrú cainte a chur air, gan amhras.

Ag réiteach cúrsaí airgid

An bhfaigheann an fostaí lánphá agus é ar shaoire bhreiteachta? Ba chóir an fostaí a chur ar an eolas faoi aon chúnamh airgid atá ar fáil ó chomhlachtaí pinsin d'fhostaithe atá go dona tinn. B'fhéidir go mba mhaith an rud é freisin eolas a fháil ó shaineolaithe an údaráis áitiúil maidir leis na féidireachtaí sóisialta /airgeadais atá ann don bhreiteoir.

Is féidir an choinne a chur siar

Má tá an chuma ar an scéal go mairfeadh chóir leighis na tréimhse go ceann i bhfad, rachaidh sé chun sochair don fhostaí agus don bhainisteoir buaileadh le chéile uair nó dhó san idirlinn chun cúrsaí a phlé. Ní gá go mbeadh coinne fhada i gceist agus d'fhéadfadh sí titim amach agus an fostaí ag tabhairt cuairte ar an áit oibre.

Go hiondúil is maith an rud é go dtiocfadh na comhghleacaithe agus an bhreiteoir le chéile go minic astu féin. Is féidir, mar shampla, iarraidh teacht fá choinne cúpán caife a ól leis an gcuid eile den fhoireann anois is arís. Nó d'fhéadfadh comhghleacaí atá mór leis scairt a chur air féachaint conas mar atá cúrsaí leis. Is féidir leisean a phlé leis an mbreiteoir cén chuid den scéal ar mhaith leis a roinnt leis na daoine eile. Is féidir an t-eolas a scaipeadh trí ríomhphost a sheoladh don fhoireann, mar shampla. Nuair a leanann leis an gcaidreamh idir an bhreiteoir agus an fhoireann, bíonn an filleadh ar an obair i bhfad níos easca go hiondúil.

Nuair is mian leis an bhfostaí filleadh ar an obair

Agus duine tar éis a bheith breoite ar feadh tamaill fhada, is féidir nach nach mbeadh sé in ann an filleadh ar an obair a shamhlú leis féin go brách. Is minic a bhíonn athrú meoin agus claochlú coirp tar éis teacht air. Ní mór a lua freisin go mbíonn iarmhairtí a ghabann leis an mbreiteacht agus leis an gcóir leighis ag cur as dó, an tuirse, go háirithe.

Go hiondúil, is maith an rud é don bheirt pháirtí buaileadh le chéile chun teacht ar réiteach maidir leis na rudaí lena bhfuil said ag súil.

Ba mhaith an rud é na nithe seo a leanas a phlé:

1. An mhéid oibre a mbeifí ag súil leis an bhfostaí sa ghearr agus san fhadtéarma;
2. An féidir obair pháirtaimseartha a dhéanamh i dtús báire agus filleadh de réir a chéile ar ghnáthuaireanta oibre. Is féidir comhairle a fháil on údarás áitiúil maidir leis an bhféidireacht liúntas breoiteachta sa bhreis a fháil;
3. Cúinsí airgid an bhreiteora;
4. An é go bhfuil gnéithe áirithe den phost a d'fhéadfaí a dháileadh ar dhaoine eile;
5. Conas mar ba chóir an t-eolas a scaipeadh ar na comhghleacaithe;
6. Coinne eile a shocrú, abair cúpla seachtain níos deanaí chun féachaint an bhfuil athbhreithniú le déanamh ar an méid a socraíodh.

Is minic gur mian le daoine atá breoite le hailse filleadh ar an obair chomh luath agus is féidir tar éis dóibh an chóir leighis a chur díobh. B'fhéidir go mothódh siad ciontach siocair go raibh siad ar saoire bhreiteachta an fhad sin agus go raibh ar chomhghleacaithe a gcion féin den obair a dhéanamh. Arís eile is mian le daoine filleadh ar an obair go lánaimseartha chun a léiriú dóibh féin go bhfuil siad ar ais ar a seanléim. Ar an drochuair, bíonn obair lánaimseartha iomarcach acu, go minic. Is é an taithí atá againn ar an scéal, go mb'fhearr tosnú ar bhonn pháirtaimseartha agus filleadh ar obair lánaimseartha de réir a chéile de réir mar a théann said i dtreise.

Comhghleacaithe agus an duine a bhfuil ailse air

Nuair a bhíonn fostaí breoite le hailse, níos minicí ná a mhalairt bíonn tionchar ag a bhreiteacht ar a chomhghleacaithe. Tig leo freagairt ar bhealaí éagsúla – go hiondúil bíonn siad buartha faoin duine agus is olc leo a chás. Tarlaíonn sé sách minic freisin go mbíonn eagla orthu go mbuailfí tinn iadsan freisin le hailse. Má bhíonn tréimhse bhreiteacha fhada i gceist, b'fhéidir go ngoilfeadh sé orthu go raibh obair sa bhreis le déanamh acu agus b'fhéidir go mothódh siad ciontach as an dearcadh sin féin.

Má dhealraíonn sé go bhfuil na comhghleacaithe faoi strus, is dea-sheift í, iad a thabhairt le chéile agus an t-ábhar buartha a phlé. Is féidir iad a cheistiú faoi conas mar a d'imir an scéal orthu agus moltaí maidir le réiteach na faidbhe a iarraidh uathu. Ar chóir aitiú orthu a mothúchán a nochtú anois is arís nó ar chóir iad a fhágáil mar atá siad? Ar mhaith leo rud a dhéanamh ar an gcomhghleacaí breoite agus cad í an dóigh is fearr chun é sin a dhéanamh.

Níos minicí ná a mhalairt ní bhíonn a fhios ag comhghleacaithe conas is fearr a dtacaíocht a léiriú don bhreiteoir agus é amuigh ar shaoirse bhreiteachta, nó fiú i ndiaidh dó filleadh ar an obair.

Mar riail ghinearálta is maith an rud é iarraidh ar an bhfostaí breoite céard atá de dhíth air óna chomhghleacaithe. Chuirfeadh daoine áirithe fáilte roimh chuirteoirí, ní chuirfeadh daoine eile. Ba mhaith le daoine áirithe go gcasfaí leo fé mar ar casadh riamh – ba mhór le daoine eile go ndéanfaí cúram faoi leith díobh. Bíodh fhios agaibh go n-athraíonn riachtanaisí an bhreiteora le ham.

Seicliosta – Cad iad na nithe gur féidir leatsa a eagrú?

Is maith leis an mbunús comhartha beag aitheantais (triopall deas bláthanna, mar shampla) a fháil ón gcuideachta ar chloisint an scéala dóibh.

Tá sé tábhachtach go rachadh an bainisteoir nó an bainisteoir acmhainní daonna chun cainte go luath leis an mbreiteoir chun deis a thabhairt dó coinne a shocrú. Moltar é seo a dhéanamh thart ar a sé nó a hocht seachtaine tar éis na nuachta.

Déan clár don choinne a tharraingt suas chun go mbeadh an breiteoir in ann ullmhú chuige. Tá tábhacht faoi leith ag baint leis na pointí seo:

1. Eolas faoin tinneas agus faoin gcóir leighis a fháil;
2. Dearcadh agus polasaithe an chomhlachta i leith galair ionmharfacha a mhiniú;
3. An mhéid eolais ar chóir a thabhairt do chomhghleacaithe agus conas mar ba chóir an t-eolas sin a scaipeadh;
4. Staid airgeadais an fhostaí agus é ar shaoire bhreiteachta a shoiléiriú;
5. Teacht ar shocrú maidir leis an méid teagmhála a bhéas ann agus é amuigh.

B'fhéidir gur dea-rud é iarraidh ar an mbreiteoir teacht ar cuairt go dtí an áit oibre le linn tréimhse a bhreiteachta.

Go hiondúil téann sé go mór chun sochair don fhostaí agus don bhainisteoir buaileadh le chéile roimh fhilleadh don fhostaí ar an obair. Ar an mbealach seo is féidir leis an mbeirt na nithe a bhfuil siad ag súil leo a shoiléiriú.

Nuair a fhilleann an fostaí ar an obair, is féidir é a ghríosú trí thosnú ar bhonn pháirtaimseartha agus cur lena huaireanta de réir a chéile.

Bíodh a fhios agat go mbíonn sé dian ar chomhghleacaithe freisin. Má dhealraíonn sé go bhfuil na comhghleacaithe faoi strus, is dea-seift í iad a thabhairt le chéile agus an t-ábhar buartha a phlé. Is féidir iad a cheistiú faoi conas mar atá an scéal ag dul i bhfeidhm orthu.

Straitéis fhadtéarmach: beartas maidir le galair ionmharfacha a ghlacadh.

Beartas Foirne

Creideann roinnt bainisteoirí acmhainní daonna go mbaineann beartas maidir leis an ábhar seo dá gcumas caitheamh le daoine atá go dona tinn mar dhaoine indibhidiúla. Is é an taithí atá ag Kræftens Bekæmpelse, áfach, go gcinntíonn an beartas oifigiúil réamhshocraithe, go ndéanfaí plé mar is ceart ar réimse fadbhanna éagsúla. Ní hionann sin agus a rá, áfach, nach bhféadfaí teacht ar réiteach faoi leith ar an gcás faoi leith.

Léiríonn torthaí suirbhé a rinneadh go gcuireann bainisteoirí acmhainní daonna áirithe i gcoinne bheartas an-docht a bheith ann mar go mbeadh sé dian orthu cúram aonair a dhéanamh den duine aonair faoi mar is gá go minic sna cásanna seo. Aontaíonn muid uilig le Kræftens Bekæmpelse [Ag troid in aghaidh na hailse] go n-éilíonn dianbhreiteacht go ndéanfaí cúram den duine aonair ach tuigimid freisin ónar dtaithí féin gur féidir agus gur rud

tairbheach é beartas oifigiúil scríofa a bheith ann a leagadh síos treoracha. D'fhéadfaí a rá, mar shampla, ina leithéid de dhoiciméad, go raibh teagmháil le déanamh leis an bhfostaí atá go dona tinn "mar thoradh ar shocrú idir an bainisteoir agus an breoiteoir", foclaíocht atá scaoilte go leor le cur ar chumas an bhainisteora feidhmiú, i mbealach faoi leith i gcásanna faoi leith.

Deir na bainisteoirí acmhainní daonna i roinnt de na comhlachtaí sin a bhfuil beartas acu, nach bhfuil i gceist sa bheartas ach cúpla treoir ghinearálta maidir le ceartiompair an chomhlachta nuair a buailtear fostaí tinn le galar ionmharfach.

Tá go leor buntáistí ag baint le beartas sonracha a bheith ann maidir leis an ábhar seo. Orthusan tá:

1. Go hiondúil an toradh a bhéas ar chinntí atá dea-mheastaithe agus a leagann síos modh chun dul i ngleic leis an bhfadhb ná cur chuige níos fearr ag fostaithe atá breoite agus ag an mbainistíocht.
2. Maolaítear ar an inní a bhíonn ar bhainisteoirí agus iad i ngleic le cruacheist nuair a bhíonn uirlisí maithe acu.
3. Mothaíonn an fostaí breoite níos suaimhní nuair a bhíonn beartas ag an gcomhlacht a leagann síos na nósanna imeachta agus an dearcadh.
4. Is ábhair suaimhnis í do gach fostaí beartas den sórt seo a bheith ann ar féidir leo dul á scrúdú.
5. Tugann sé le fios go soiléir gur rud mór ag an gcomhlacht a chúraimí sóisialta. Cothaíonn sé dea-thoil agus cuireann sé le cumas an chomhlachta tacaíocht a thabhairt don fostaí.

Molann Kræftens Bekæmpelse go mbeadh beartas maidir le galair ionionmharfacha ag gnóthaí príobháideacha agus poiblí araon.

De ghnáth, déanfaidh an bhainistíocht agus na feidhmeannaigh ceardchumann san áit oibre an beartas sin a dhreachtú agus is áit chuí í an HSU (*hovedsamarbejdsudvalget* nó 'an Coiste') chun tabhairt faoin obair sin. Más mian le fostaí nó le fostaithe go mbeadh roinn i dtaca leis an ábhar seo mar chuid den bheartas foirne, is chuig an gcoiste a dhíreofar an achainní sin.

Ós rud é go mbíonn riachtanais agus tosaíochtaí faoi leith ag cuideachtaí, ní féidir moltaí sonracha a thabhairt anseo. Bíonn gnásanna agus cultúr faoi leith ag gach áit oibre agus ciallaíonn sé sin gur féidir go dtarlódh iliomad leaganacha den bheartas ann.

Tá anseo roinnt de na cásanna ar fearr rialú a thabhairt agus an beartas á chur i bhfeidhm:

1. An dtugfar deis don fostaí i gceist buaileadh leis an mbainisteoir nó le ceann na roinne acmhainní daonna go luath tar éis do an scéala a fháil?
2. Conas ar cheart bá a léiriú don fostaí?
3. Cén uair agus conas ar chóir an scéal a chur in iúl do na comhghleacaithe?
4. Ar chóir áiteamh ar an bhfostaí a bheith i dteagmháil leis an áit oibre le linn thréimhse na breoiteachta. Conas mar ba chóir don chomhlacht oibriú chuige sin.

5. An bhfuil teastas ag teastáil ón gcomhlacht móide tréimhse ama. Cathain a d'iarrfaí an teastas sin?
6. Ar cheart go mbeadh rialacha ann maidir le fógra a thabhairt d'fhostaithe atá buailte tinn le galar ionmharfach. Cathain ar chóir an fógra sin a thabhairt?
7. Cén dearcadh atá ann maidir le hatheagrú a dhéanamh ar phoist, laghdú a dhéanamh ar na huaireanta oibre, saoire bhreioiteachta pháirtaimseartha a chur ar fáil, cur ar chumas an fhostaí obair ón mbaile, nó post eile laistigh den chomhlacht a ghnóthú dó.
8. An bhfuil sé inmholta buaileadh leis an bhfostaí roimh fhilleadh dó chun go bhféadfadh an dá pháirtí teacht ar shocrú maidir le cúinsí oibre.

Is minic a bhíonn strus agus deacrachtaí ann nuair a buailtear comhghleacaí tinn le galar ionmharfach mar ailse. Tá súil againn go mbeidh an treoir bheag seo ina cabhair thosaigh acu siúd atá ag plé le fadhbanna a bhaineann le duine atá breoite nó lena chomhleacaithe.

Tá treoirleabhar foilsithe ag Kræftens Bekæmpelse dar teideal "Når en medarbejder får kræft" [Nuair a buailtear comhghleacaí tinn le hailse]. Mionchuntas atá ann, é i bhfad níos cuimsithí ná an cuntas achomair seo. Is éard atá romhainn, leabhar tagartha a chur ar fáil dóibh siúd atá ag dul i ngleic le fadhbanna praiticiúla a thagann chun cinn nuair a bhíonn ailse ag fostaí. Tá tuilleadh eolais ann faoin méid thuas agus breis comhairle ann chomh maith faoi céard ba chóir a dhéanamh nuair nach féidir leis an bhfostaí breoite filleadh ar an obair nó nuair a bhíonn an bás mar thoradh ar a bhreioiteacht.

Tá an leabhar seo dírithe ar ghnólachtaí ar mian leo beartas a dhréachtú maidir le galair ionmharfacha, is é sin le rá beartas a thugann teoracha sonracha faoi conas plé le fostaí a bhuailetear tinn le galar ionmharfach mar ailse.

Téacs: Jutta Ølgod, socheolaí agus Preben Engelbrekt, oibrí sóisialta.

Leathanach tosaigh: www.cancer.dk.

NUAIR A BHUAILTEAR COMHGHLEACAÍ TINN LE HAILSE

Déanann duine i ngach seachtar sa Danmhairg ailse a tholgadh roimh dhóibh aois inphinsin a shlánú.

CLÁR NA N-ÁBHAR

Brollach

Reamhrá

Na míonna tosaigh

1. Na míonna tosaigh

1.1 Gnáthfhreagairtí lucht na trombhreioiteachta

1.2 Cad a theastaíonn ón té atá breoite sna laethanta tosaigh, agus conas is fearr cur chuige?

1.3 Conas mar a bhíonn ag an té atá breoite sa láthair oibre dó?

1.4 Ní lia othar ná freagairt

- 1.5 Cén uair go mbeidh deis agat eolas a chur ar chúrsa an tinnis?
- 1.6 Cad iad na cóireálacha leighis éagsúla?
- 1.7 Na fothorthaí, idir chorp agus anam
- 2. Forbairt na haicíde
 - 2.1 Coinne go luath
 - 2.2 Má bhíonn an fostaí as láthair i rith na tréimhse breoiteachta ar fad
 - 2.3 Má bhíonn sé breoite ar feadh roinnt den am
 - 2.4 Céard ba chóir a dhéanamh muna bhfuil obair an té atá breoite sásúil
- 3. Filleadh ar an obair
 - 3.1 Coinne leis an bhfostaí roimh dhó fillleadh ar an obair
 - 3.2 Iarmhairtí
 - 3.3 Ma bhíonn ar an bhfostaí aistriú go post eile
 - 3.4 Na comhghleacaithe a chur ar an eolas
- 4. A bhfuil de chúnamh airgid agus de chabhair phraiticiúil ar fáil
 - 4.1 Tacaíocht i rith na breoiteachta – sa chás nach bhfuil an te atá breoite in ann chuig an obair go fóill
 - 4.2 Tacaíocht i rith na breoiteachta – sa chás nach bhfuil an té atá breoite chomh maith chuig an obair is a bhíodh
 - 4.3 Ag obair leis an údarás áitiúil
- 5. Muna bhfillleann an té atá breoite ar an obair
 - 5.1 Bíonn ar daoine áirithe éirí as an obair ar fad
 - 5.2 Má fhaigheann an duine bás
- 6. Comhghleacaithe an té atá breoite
 - 6.1 Freagairtí na gcomhleacaithe
 - 6.2 Mar a chaitheann daoine eile lena chomhghleacaithe
 - 6.3 Ag glacadh phost an bhreioiteora
 - 6.4 Focal le chomhghleacaithe an bhreioiteora
- 7. Beartas foirne maidir le trombhreioiteacht
 - 7.1 Dreachtú bheartais maidir le trombhreioiteacht
 - 7.2 Trí chás-stáidear ar chomhghleacaithe a bhfuil ailse orthu
 - 7.3 Sampla de bheartas foirne maidir le trombhreioiteacht

Brollach

Tá ailse ar dhuine de na comhghleacaithe– is feidir leis tarlú i ngnó ar bith. Sa Danmhairg, buaileann ailse breis agus 13000 duine d’aois na fostaíochta gach uile bhliain. Sa lá atá inniu ann tagann biseach ar go leor acu agus maireann siad tamall fada lena mbreoiteacht.

Le blianta beaga anuas tá méadú tagtha ar líon na bhfiosrúchán a fuair Kræftens Bekæmpelse ("Ag troid in aghaidh na hailse") ó bhainisteoirí, chomhghleacaithe agus othair atá ag streacailt le fadhbanna san áit oibre i rith agus tar éis a mbreoiteachta. Is léir uathu go bhfuil an-amhras ar dhaoine faoi conas is fearr plé leis na fadhbanna sin.

Mar shampla, go minic ní bhíonn an bainisteoir nó na comhghleacaithe ag cur riocht an bhreiteora san áireamh mar is cóir, nó, ar an lámh eile go bhfuil an scéal ag déanamh an iomarca buartha dóibh agus gurb é an toradh atá air sin go bhfágfar an duine breite leis féin san áit oibre agus sa bhaile i leataoibh. Fadhb eile gur féidir a bheith ann ná go bhfuil deacracht ann cúraimí an bhreiteora a athrú le linn dó a bheith tinn, nó go gcaillfeadh an fostaí gach ceangal le margadh na hoibre tar éis dó a bheith as láthair ar feadh tréimhse fhada, nó tar éis tréimhse inar maolaíodh ar a ghnáthchumas oibre.

Agus muid aireach ar na pointí sin, tá *Kræftens Bekæmpelse* tar éis an tionscnamh *Projekt Kræft og Arbejde* (Tionscnamh ‘Ailse agus Obair’) a chur i gcrích. Chuir an Roinn Leasa Sóisialta tacaíocht airgeadais ar fáil don tionscnamh seo. Tháinig muid ar réitigh phraiticiúla ar na fadhanna sin, agus acmhainní pearsanta an bhreiteora agus cúinsí oibre sa ghnó féin á chur san áireamh againn.

Ar na haidhmeanna a bhí againn, bhí fúinn cur le heolas fostaitheoirí ar an ailsee agus ar chás faoi leith daoine a bhfuil ailse orthu ar mhaithe le maolú ar an mbaol atá ann go bhfágfaí as margadh na hoibre iad, ar fad ar fad.

Tá an lámhleabhar seo bunaithe ar an taithí a fuarthas i rith an tionscnaimh agus tá sé dírithe ar bhainisteoirí agus ar dhaoine eile atá freagrach as acmhainní daonna in ionaid oibre sa Danmhairg. Tá súil againn go mbeidh sé ina chabhair ag bainisteoirí, comhghleacaithe agus fostaithe atá go dona tinn, sa ghnólachtaí beaga agus móra araon.

Anne Nissen

Ceann Roinne

Reamhrá

Nuair a fhaigheann duine scéala go bhfuil ailse air, bíonn éifeacht ag an scéala ar níos mó ná duine amháin – imríonn sé ar gach éinne a bhaineann leis. San áit oibre, baineann an scéal siar as bainisteoirí agus comhghleacaithe. Ba mhaith leo cuidiú agus ‘an rud cóir’ a dhéanamh ach ní bhíonn a fhios ag go leor acu cad é féin, ‘an rud cóir’.

Ag an am céanna, is féidir go mbeadh ar an mbainisteoir cinntí a thógáil as a sheasamh–féachaint le maolú ar ualach oibre an fhostaí, mar shampla. Níl sé éasca riachtanais an bhreiteora a chur san áireamh agus fadhanna praiticiúla a réiteach ag an am céanna, go háirithe nuair a bhíonn go leor rudaí fós faoi amhras.

Tá an lámhleabhar seo dírithe ar bhainisteoirí agus ar dhaoine eile a bhfuil freagracht orthu. Tugann sé eolas culrá agus moltaí praiticiúla faoi chonas is fearr plé le fostaithe atá go dona tinn le hailse nó le galar ionmharfach eile.

NÍ GÁ An leabhar ar fad a léamh.

Is leabhar tagartha atá i gceist leis seo, is mian linn go mbainfeadh duine atá i ngleic le fadhb faoi leith leas as, fadhb a eascraíonn as trombhreiteacht a chomhghleacaí. Is amhlaidh, áfach go seasfadh léamh an leabhair ar fad le duine mar é.

AN CÚLRÁ

Baineadh an t-eolas seo ó dhá fhoinsé – na fiosrúcháin /ceisteanna a chuir bainisteoirí agus othair le hailse araon agus suirbhé a rinne *Kræftens Bekæmpelse* i measc bhainisteoirí acmhainní daonna i 50 mórchomhlacht. Cuireadh ceist orthu mar shampla céard a chothaíonn fadhbanna faoi leith san áit oibre nuair a tholgann comhghleacaí ailse.

Bhí na fadhbanna céanna le feiceáil sa dá fhoinsé agus is iadsan na téamaí atá á bplé i gCaibidilí 1-7 thíos.

An Seacht gCaibidil

Caibidil 1

Baineann an chaibidil seo leis an tréimhse díreach tar éis na diagnóise. Go leor de na hothair, fágann an scéala féin suaite iad ar feadh 6-8 seachtainí. Freagróidh gach othar atá thíos le galar ionmharfach don scéala ar a bhealach féin, gan amhras, ach in aineoinn sin is féidir cur síos éigin a thabhairt ar chuid den phróiseas agus ar a mbeidh de riachtanais aige sna laethanta tosaigh. Tá eolas sa chaibidil seo freisin maidir le hailse agus le cóir leighis.

Caibidil 2

Féachtar sa chaibidil seo ar an tréimhse iar thosú don chóir leighis. Teastaíonn saol normálta chomh fada agus is féidir ó go leor de na hothair an uair sin. Ba mhaith le cuid acu obair idir na babhtaí leighis ach daoine eile, ní féidir leo é. Mínítear cad is féidir leis na gnólachtaí a dhéanamh sa dá chás.

Caibidil 3

Tugtar aghaidh faoi leith sa chaibidil seo ar na fadhbanna a thagann chun cinn nuair a fhilleann an té atá breoite ar an obair a dhéanadh sé roimh a thréimhse tinnis.

Caibidil 4

Sa chaibidil seo, ríomhtar bealaí le cúnaimh praiticiúil agus tacaíocht airgeadais a fháil don ghnó féin nó don té atá breoite. Tá socrúchán amháin ann don té atá breoite agus é faoi chóir leighis i gcónaí agus an dara socrúchán ann sa chás go bhfuil an chóir curtha de ag an othar ach gan é ábalta don obair fós.

Caibidil 5

Cuntas atá anseo ar an gcaoi go n-éireodh comhghleacaí nach bhfuil ábalta don obair níos mó as a phost agus léiríonn sé a bhfuil le déanamh sa chás go mbeadh an ailse marfach.

Caibidil 6

Baineann an chaibidil seo le comhghleacaithe an té atá breoite. Is minic go mbíonn éifeacht ag an scéala ar an lucht oibre go léir. Tugtar moltaí don bhainisteoir sa chaibidil seo faoin gcaoi is fearr le plé leis na comhghleacaithe, má tharlaíonn deacrachtaí acu le hobair na roinne. Tá bileoga ann freisin a bhféadfaí iad a chóipeáil agus a scaipeadh ar chomhghleacaithe an té atá breoite.

Caibidil 7

Baineann an chaibidil dheireanach leis an gcaoi go bhféadfadh gnó na fadhbanna a éiríonn as breoiteacht fostaí a sheachaint ach polasaí pearsanra do thinneas trombhreoiteachta a chruthú. Tá trí chás faoi chaibidil ann, .i. samplaí de na céimeanna éagsúla a bhféadfadh dul leis an ngalar, cásanna a bhféadfaí polasaí a bhunú orthu.

Pointí breise

Is í an fhoirm fhirinsneach is minicí a úsáidtear agus muid ag caint ar an té atá breoite sa leabhar seo. Ní hionann sin is a rá gurb iad na fir amháin a tholgann ailse: dáiríre, scéal leath agus leath atá ann, nach mór. Ó thaobh teanga de, áfach, ba útamálach uainn sé/ sí a scríobh tríd síos agus muid ag caint ar an othar.

Má theastaíonn uait súil mhear a chaitheamh ar ábhar an leabhair seo, féach ar www.cancer.dk/arbejde, áit a bhfuil leagan giorraithe agus leagan iomlán de ar fáil.

11

Is féidir le haon othar ailse tarraingt ar an leabhar seo, chomh maith, má tá cúnaimh praiticiúil uaidh, mar aon le smaointe maidir le réiteach fadhbanna ina láthair oibre. Cé go mbaineann an leabhar le comhghleacaithe lucht ailse go príomha, seasfaidh go leor den ábhar do dhaoine atá ag fulaingt ó ghalair ionionmharfacha eile nach í.